**Plean Ceantair Áitiúil Ghuaire**

**agus an Limistéir Máguaird 2017 - 2023**

**AGUISÍN 3**

# Aguisín 3
# Measúnacht Straitéiseach ar an Riosca Tuile

Aibreán 2017

## Clár na nÁbhar


1 Réamhrá agus Comhthéacs ... 1
1.1 Réamhrá ... 1
1.2 An Comhthéacs Reachtaíochta agus Pleanála ... 1
1.2.1 Treoirlínte Náisiúnta maidir le Bainistíocht Riosca Tuile ... 1
1.3 An Cuspóir atá ag Measúnacht Straitéiseach ar an Riosca Tuile ... 2
1.4 Struchtúr na Measúnachta Straitéisí ar an Riosca Tuile ... 3
1.5 Nóta Comhairle ... 4
2 Measúnacht ar an Riosca Tuile ... 5
2.1 Céim 1 Riosca Tuile a Shainaithint ... 5
2.1.1 Limistéar an Phlean ... 5
2.1.2 Measúnacht ar an Riosca Tuile Réigiúnach ... 6
2.1.3 Measúnacht Straitéiseach an Chontae ar an Riosca Tuile ... 6
2.1.4 Clár BMRTD ... 6
2.2 Na Príomhfhoinsí le haghaidh Faisnéise maidir le Riosca Tuile ... 7
2.2.1 Dréacht-Léarscáileanna Tuile BMRTD ... 7
2.2.2 Léarscáiliú Tuile JBA ... 9
2.2.3 Riosca Tuile Abhann ... 10
2.3 Na Foinsí Tánaisteacha le haghaidh Faisnéise maidir le Riosca Tuile ... 14
2.3.1 Bunachar Sonraí OOP maidir le Tuilte ... 14
2.4 Conclúid - Céim 1 ... 16
2.5 Céim 2 Measúnacht Tosaigh ar an Riosca Tuile ... 16
2.5.1 An Cur Chuige Seicheamhach ... 16
2.5.2 Léarscáiliú Criosanna Tuile ... 17
2.5.3 An Cur Chuige Seicheamhach a Chur i bhFeidhm ... 18
2.6 An Cur Chuige Seicheamhach a Chur i bhFeidhm ... 20
2.6.1 Tailte Neamhfhorbartha ... 20
2.6.2 Tailte Forbartha ... 21
2.7 Tástáil Fírinnithe an Phlean maidir le Forbairt ... 22
2.7.1 Tailte i gcomharsanacht Shráid Easmainn, Dhroichead Ghuaire & Bhóthar an Inbhear Mhóir. ... 23
2.7.2 Tailte ó thuaidh ó Phobalscoil Ghuaire ... 28
2.7.3 Láithreán Phobalscoil Ghuaire ... 32

2.8 Conclúidí Chéim 2 ..... 35
**3** Bainistíocht Riosca Tuile ..... 36
3.1 Bearta Bainistíochta Riosca Tuile ..... 36
3.1.1 Plean Riosca Tuile agus Bainistíochta Tuile Abhantrach an Oirdheiscirt ..... 36
3.1.2 Measúnachtaí ar an Riosca Tuile ..... 36
3.1.3 An Tástáil Fírinnithe a chur i bhfeidhm maidir le Bainistíocht Forbartha ..... 38
3.1.4 Iarratais maidir le Miontograí i Limistéir ina bhfuil Riosca Tuile ..... 39

**Léarscáileanna**

Léarscáil 1 Na Príomhlimistéir

Léarscáil 2 Criosanna Tuile

**Fíoracha**

Fíor 1 Aibhneacha agus Sruthanna i Limistéar an Phlean Ceantair Áitiúil (PCÁ)

Fíor 2 Léarscáiliú Creasa Tuile JBA

Fíor 3 Fairsinge Tuile Báistí de réir RMRT Oifig na nOibreacha Poiblí

Fíor 4 Teagmhais Tuile i mBaile Ghuaire agus sna Limistéir Máguaird

Fíor 5 Ithreacha Gláracha i Limistéar an PCÁ.

**Táblaí**

Tábla 1 Dóchúlachtaí i leith Teagmhais Tuile

Tábla 2 Leochaileacht agus an Cineál Forbartha

Tábla 3 Maitrís Leochaileachta v Crios Tuile

Tábla 4 Tástáil Fírinnithe i leith Bainistíocht Forbartha

**Aguisín 1** Dréacht-Léarscáileanna Tuile BMRTD

**Acrainmneacha/Giorrúcháin**

**DSB** Dóchúlacht Sáraitheachta Bliantúla

| | |
|---|---|
| **LMT** | Limistéar atá le Measúnú Tuilleadh |
| **PFC** | Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013-2019 |
| **BMRTD** | Bainistíocht agus Measúnacht Riosca Tuile i nDobharcheantair |
| **GCC** | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| **PBRT** | Plean Bainistíochta Riosca Tuile |
| **JBA** | JBA Consulting Engineers and Scientists Limited |
| **PCÁ** | Plean Ceantair Áitiúil |
| **OOP** | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **SNA** | An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta |
| **RMRT** | Réamh-Mheasúnacht Riosca Tuile |
| **MRTR** | Measúnacht Riosca Tuile Réigiúnaigh |
| **TPR-anna** | Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Oirdheiscirt 2010-2022 |
| **MST** | Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta |
| **MSRT** | Measúnacht Straitéiseach ar an Riosca Tuile |
| **ETTNT** | An Clár Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde & Nuálaíochta don Timpeallacht |
| **CIDU** | Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbí |

# 1 Réamhrá agus Comhthéacs

## 1.1 Réamhrá

Is próiseas nádúrtha é tuiliú agus is féidir leis tarlú aon tráth agus i raon leathan suíomhanna éagsúla. Is dócha gur fearr atá eolas ag daoine ar thuiliú ón muir nó ó aibhneacha ach, ina theannta sin, is féidir le báiteach fhaidréiseach, dhian, logánta a bheith ina cúis le tuiliú séaraigh, sreabhadh de dhroim talún agus tuiliú screamhuisce. Is féidir le forbairt géarú a dhéanamh ar na fadhbanna a bhaineann le tuiliú trí luathú agus méadú a dhéanamh ar rith chun srutha uisce dromchla, rud a athraíonn sruthchúrsaí agus a chuirtear deireadh le stóráil tuilemhá. Imríonn tuiliú tionchar suntasach ar ghníomhaíochtaí an duine. Is féidir leis bagairt a dhéanamh ar shaol agus ar mhaoin daoine agus, de bhreis ar dhamáiste eacnamaíochta agus sóisialta a dhéanamh, is féidir le tuilte a bheith ina gcúis le hiarmhairtí tromchúiseacha timpeallachta.

## 1.2 An Comhthéacs Reachtaíochta agus Pleanála

### 1.2.1 Treoirlínte Náisiúnta maidir le Bainistíocht Riosca Tuile

In "An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála" (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Oifig na nOibreacha Poiblí, 2009), arna leasú le Ciorclán PL2/2014, leagtar amach beartas an rialtais maidir le bainistíocht forbartha agus riosca tuile. Is é is aidhm fhoriomlán do na treoirlínte ná forbairt inbhuanaithe a chur i gcrích, ar forbairt í trína n-íoslaghdaítear an riosca do dhaoine agus do mhaoin mar thoradh ar thuiliú, rud a dhéantar trí fhorbairt mhíchuí a sheachaint i limistéir ina bhfuil riosca tuilithe. Tá sé de cheangal ar údaráis phleanála bainistíocht riosca tuile a chur san áireamh mar chuid thábhachtach den bhreithniú a dhéantar le linn pleananna ceantair áitiúil a ullmhú agus le linn measúnacht a dhéanamh ar iarratais phleanála.

Is é is príomhchuspóir do na treoirlínte ná:

- Forbairt mhíchuí a sheachaint i limistéir ina bhfuil riosca tuile;

- Forbairtí a chuireann leis an riosca tuile in áiteanna eile a sheachaint, lena n-áirítear tuile a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar rith chun srutha uisce dromchla;
- A chinntiú go ndéantar bainistíocht éifeachtach ar rioscaí iarmharacha a bhaineann le forbairtí a cheadaítear i dtuilemhánna;
- Srian gan ghá a sheachaint i dtaca le fás eacnamaíochta agus sóisialta de chineál náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil;
- Feabhas a chur ar an tuiscint atá ag na geallsealbhóirí iomchuí maidir leis an riosca tuile;
- A chinntiú go ndéantar ceanglais an dlí AE agus an dlí náisiúnta i ndáil leis an timpeallacht nádúrtha agus i ndáil le caomhnú an dúlra a chomhlíonadh ag gach céim den bhainistíocht riosca tuile.

Leagann na treoirlínte amach trí phríomhphrionsabal ar ceart d'údaráis réigiúnacha, d'fhorbróirí agus dá ngníomhairí iad a ghlacadh le linn dóibh breithniú a dhéanamh ar an riosca tuile. Is mar a leanas na prionsabail sin:

- An riosca **a sheachaint**, más féidir.
- Nuair nach bhfuil seachaint indéanta, úsáidí is lú leochaileacht **a chur ina hionad**.
- An riosca **a mhaolú** agus a bhainistiú, i gcás nach bhfuil seachaint ná ionadú indéanta.

## 1.3 An Cuspóir atá ag Measúnacht Straitéiseach ar an Riosca Tuile

Is é a thugtar ar theicníocht na Measúnachta Riosca Tuile i leith pleananna ceantair áitiúil ná Measúnacht Straitéiseach ar an Riosca Tuile agus gairtear MSRT air sin anseo ina dhiaidh seo. Is é is cuspóir do MSRT ná measúnacht a thabhairt maidir leis na cineálacha riosca tuile atá ann i gceantar an phlean, rud a chuireann faisnéis ar fáil maidir le cinntí a dhéantar faoi phleanáil straitéiseach i leith úsáid talún. Trí MSRT, déantar an méid seo a leanas:

- Sainaithnítear méid an riosca tuile atá i gceist;
- Sainaithnítear criosanna tuile laistigh de cheantar an phlean agus laistigh de limistéir atá tadhlach le ceantar an phlean;
- An cur chuige seicheamhach a chur i bhfeidhm i ndáil le criosú úsáide talún trí fhorbairtí nua a dhíriú ar thalamh ina bhfuil riosca íseal tuile;

- An Tástáil Fírinnithe a chur i bhfeidhm i gcás ina mbeartaítear talamh a chriosú, nó a ainmniú ar shlí eile, ar talamh í lena ngabhann riosca measartha nó ardriosca tuile; agus
- Na príomhriachtanais a leagan amach i ndáil le bainistíocht a dhéanamh ar fhorbairt i limistéir ina bhfuil riosca tuile.

## 1.4 Struchtúr na Measúnachta Straitéisí ar an Riosca Tuile

Moltar sna Treoirlínte go nglacfar cur chuige céimnithe le linn measúnacht ar an riosca tuile a dhéanamh. Seo a leanas na céimeanna atá molta:

- *Céim 1 Riosca Tuile a Shainaithint*

  Sainaithint a dhéanamh i dtaobh a bhféadfadh aon saincheisteanna a bheith ann i ndáil le tuiliú nó bainistíocht screamhuisce sa cheantar ar saincheisteanna iad a bhféadfadh tuilleadh imscrúdaithe a bheith ag teastáil ina leith. Go formhór, cuimsíonn an chéim seo staidéir deisce ar an bhfaisnéis atá ar fáil d'fhonn a fháil amach an bhfuil saincheisteanna ionchasacha ann maidir le riosca tuile. Baintear úsáid as eolas áitiúil ag an gcéim seo freisin.
- *Céim 2 Measúnacht Tosaigh ar an Riosca Tuile*

  Tar éis Céim 1 a chur i gcrích, má mheastar go bhfuil riosca tuile ann, leantar ar aghaidh chuig Céim 2 den phróiseas. Ag an gcéim seo, daingnítear na foinsí tuile a d'fhéadfadh a bheith ann sa cheantar, déantar measúnú ar dhóthanacht na faisnéise atá ann agus déantar scóipeáil maidir le méid an riosca tuile agus, mar chuid den obair sin, d'fheadfadh sé go mbeadh léarscáileanna creasa tuile le hullmhú.
- *Céim 3 Measúnacht Mhionsonraithe ar an Riosca Tuile*

  I rith na céime seo, déantar measúnacht sách mionsonraithe ar na saincheisteanna maidir le rioscaí tuile d'fhonn measúnú cainníochtúil a dhéanamh ar an riosca ionchasach tuile a bhaineann le forbairt atá beartaithe nó le forbairt atá ann cheana féin nó a bhaineann le talamh atá le criosú, ar thionchar ionchasach na nithe sin ar an riosca tuile in áiteanna eile, agus ar éifeachtacht aon bheart maolúcháin atá beartaithe.

## 1.5 Nóta Comhairle

Is ionann an fhaisnéis faoi ghuaiseacha tuile agus faoi rioscaí tuile agus sraith faisnéise atá á forbairt i gcónaí. D'fhéadfadh sé go ndéanfar na léarscáileanna guaise tuilte a úsáideann an Chomhairle a athrú i bhfianaise sonraí agus anailíse a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, moltar do gach úinéir talún agus do gach forbróir nach nglacann Comhairle Contae Loch Garman le haon fhreagracht i ndáil le caillteanais nó damáistí a tharlaíonn mar gheall ar mheasúnachtaí ar leochaileacht i dtaobh tuiliú tailte, úsáidí agus forbairtí. Moltar d'úinéirí, d'úsáideoirí agus d'fhorbróirí gach beart réasúnach a dhéanamh chun measúnacht a dhéanamh ar an leochaileacht i dtaobh tuiliú.

# 2 Measúnacht ar an Riosca Tuile

## 2.1 Céim 1 Riosca Tuile a Shainaithint


Is é is cuspóir don chéim seo ná sainaithint a dhéanamh i dtaobh a bhféadfadh aon saincheisteanna a bheith ann i ndáil le tuiliú nó bainistíocht screamhuisce sa cheantar ar saincheisteanna iad a bhaineann le limistéar an phlean agus a bhféadfadh tuilleadh imscrúdaithe a bheith ag teastáil ina leith.

### 2.1.1 Limistéar an Phlean

Aibhneacha agus srutháin is cúis le príomhfhoinse an riosca ionchasach tuilithe i limistéar an phlean. Soláthraíonn Fíor 1 forléargas ar an ngréasán aibhneacha agus sruthán i limistéar an phlean. Is í Abhainn na Beannóige an phríomhabhainn a shreabhann trí limistéar an phlean. Sreabhann a conair ó dheas agus siar ón líne iarnróid trí Bhealach Thaidhgín agus tríd an gCathair Ghairdíneach go dtí Droichead Ghuaire. Uaidh sin, sreabhann sí soir ón líne iarnróid agus ó dheas i dtreo Fhearann an Mhuilinn agus Chnoc an Mhuilinn. Sreabhann Abhainn Bhaile Eoin, ar craobh-abhainn de chuid Abhainn na Beannóige í, soir ón gCraobhach agus téann sí isteach in Abhainn na Beannóige ag an gCathair Ghairdíneach. Sreabhann Abhainn Chluain Aitinn Uachtarach siar ó dheas trí Ráithín na gCoirín agus téann sí isteach in Abhainn na Beannóige ag Cnoc an Mhuilinn. Tá líon mór sruthanna ann ar fud limistéar an phlean.

**Fíor 1**

**Aibhneacha agus Sruthanna i Limistéar an PCÁ**




**Foinse:**

**'ENVISION' GCC**

[www.epa.ie/envision/](http://www.epa.ie/envision/)

### 2.1.2 Measúnacht ar an Riosca Tuile Réigiúnach

Rinneadh Measúnacht ar an Riosca Tuile Réigiúnach (MRTR) le linn na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Oirdheiscirt 2010-2022 a ullmhú. Cé nach ndéantar Guaire a phlé go sonrach in MRTR, tugtar admháil ann go bhfuil bailte i gceantair thart ar Ghuaire sainaitheanta mar cheantair atá leochaileach ó thaobh tuiliú de, agus an méid sin bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi láthair. Luaitear gurb amhlaidh, laistigh de na bailte lena mbaineann (a meastar ina leith go gcuimsíonn siad Baile Ghuaire), gur trí chur i bhfeidhm threoirlínte pleanála 2009 maidir le riosca tuile a bhunófar an sásra trína ndéanfar saincheisteanna a bhaineann le forbairt agus le riosca tuile a chomhréiteach.

### 2.1.3 Measúnacht Straitéiseach an Chontae ar an Riosca Tuile

Rinneadh MSRT mar chuid de Phlean Forbartha Chontae Loch Garman 2013-2019 (PFC). Ba mheasúnacht mórscála í sin agus, lena linn, scrúdaíodh an leibhéal faisnéise a bhí ar fáil sa chontae maidir le tuiliú. Níor tugadh aghaidh go sonrach ar Bhaile Ghuaire mar chuid di. Tá sraith cuspóirí ann in PFC maidir le bainistíocht an riosca tuile, ar cuspóirí iad nach mór do thograí maidir le forbairt atá ann in PCÁ cloí leo.

### 2.1.4 Clár BMRTD

Rinneadh an Clár Bainistíochta agus Measúnachta Riosca Tuile i nDobharcheantair (BMRTD) a fhorbairt chun freastal ar cheanglais Threoir AE maidir le Tuilte. Tá trí phríomhchéim ann i gClár BMRTD:

- Céim 1 Réamh-Mheasúnacht Riosca Tuile 2011
- Céim 2 Léarscáilíocht Rioscaí agus Guaiseacha Tuile 2015
- Céim 3 Pleananna Bainistíochta Riosca Tuile 2016

Tá an clár á chur i bhfeidhm trí staidéir BMRTD atá á dtreorú ag OOP. Tá an contae roinnte ina shé cheantar abhantraí agus tá staidéar MBRTD á dhéanamh i ndáil le gach ceantar. Tá Baile Ghuaire suite laistigh de cheantar staidéir BMRTD an Oirdheiscirt.

Ba é a bhí i gCéim 1 ná próiseas náisiúnta mínscagtha ar a dtugtar Réamh-Mheasúnacht Riosca Tuile (RMRT) agus, mar thoradh air sin, sainaithníodh limistéir a bhféadfadh riosca

suntasach tuile a bheith ann ina leith. Bhí sé beartaithe go ndéanfaí pobail (cathracha, bailte, sráidbhailte agus bailte fearainn), saoráidí agus láithreáin ar fud na tíre (mar shampla, limistéir atá ainmnithe i dtaca le cúrsaí comhshaoil de), áit ina bhféadfadh riosca suntasach tuilithe a bheith ann. Sainaithníodh na limistéir sin mar Limistéir le hAghaidh Measúnacht Eile (LME) agus bheadh measúnacht níos mionsonraithe le déanamh ina leith chun méid an riosca tuile a shuíomh. Sa RMRT, sainaithníodh Baile Ghuaire mar LME.

Is é a bhí i gceist le Céim 2 ná obair mhionsonraithe suirbhéireachta agus múnlú hidreolaíochta a dhéanamh i ndáil le gach LME ar leith d'fhonn eolas a bhailiú a bheadh le húsáid le linn léarscáileanna riosca tuile agus léarscáileanna guaise tuile a fhorbairt. Rinneadh Dréacht-Léarscáileanna Tuile BMRTD maidir le Baile Ghuaire a fhoilsiú i mí na Samhna 2015. Déantar tuile plé mhionsonraithe faoi na léarscáileanna sin i Roinn 2.2.1.

Is é atá i gceist le Céim 3 ná Plean Bainistíochta Riosca Tuile do gach LME ar leith. Áireoidh an PBRT bearta a bhaineann le cosc, cosaint agus ullmhacht i dtaca le cúrsaí tuile de. Gnéithe tábhachtacha den PBRT is ea iad an fhreagairt éigeandála i leith tuiliú, téarnamh ó thuiliú agus ceachtanna atá foghlamtha. Déanfar aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail athrú aeráide, cleachtais úsáide talún agus forbairt amach anseo sa PBRT freisin.

## 2.2 Na Príomhfhoinsí le haghaidh Faisnéise maidir le Riosca Tuile

### 2.2.1 Dréacht-Léarscáileanna Tuile BMRTD

Is é atá sna dréacht-léarscáileanna tuile a foilsíodh i mí na Samhna 2015 ná léarscáileanna tuile 'réamh-mheastacha ós rud é go soláthraíonn siad méid réamh-mheasta tuile abhann agus doimhneas réamh-mheasta tuile abhann i gcomhair teagmhas tuile 'deartha' lena ngabhann dóchúlacht mheasta go dtarlóidh sé (e.g. teagmhas DSB 1% - féach Tábla 1). Ina theannta sin, déantar an líon áititheoirí lena mbaineann an riosca a shainaithint sna dréacht-léarscáileanna tuile, más iomchuí.

**Dóchúlachtaí i leith Teagmhais Tuile**

Sna dréacht-léarscáileanna tuile, déantar tagairt do dhóchúlachtaí i leith teagmhais tuile i dtéarmaí Dóchúlacht Sáraitheachta Bliantúla nó 'DSB'. Léiríonn sé sin an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhas chomh dian sin, nó teagmhas níos déine, in aon bhliain ar leith. Is féidir na dóchúlachtaí sin a chur in iúl mar chorrlach (e.g. 100 in aghaidh 1) i leith an teagmhas a bheith ann in aon bhliain ar leith. Is minic a dhéantar tagairt dóibh freisin i dtéarmaí tréimhse athfhillte (e.g. tuile a tharlaíonn uair amháin gach céad bliain), cé gur ceart a thuiscint nach ionann sin is a rá gurb é sin an fad ama a bheidh ann idir na tráthanna a tharlaíonn dhá theagmhas den sórt sin ós rud é go bhféadfadh dhá theagmhas an-dian a bheith ann laistigh d'achar gearr ama cé nach dóigh gurb amhlaidh a bheidh an scéal.[1]

I dTábla 1 thíos, leagtar amach raon dóchúlachtaí i leith teagmhais tuile, á gcur in iúl i dtéarmaí DSB agus sainaithnítear modhanna eile ina gcuirtear na dóchúlachtaí sin in iúl.

**Tábla 1: Dóchúlachtaí i leith Teagmhais Tuile**

| Dóchúlacht Sáraitheachta Bliantúla (%) | An Corrlach i leith an Teagmhas a bheith ann in aon bhliain ar leith | An Tréimhse Athfhillte (blianta) |
|---|---|---|
| **50** | 2 : 1 | 2 |
| **20** | 5 : 1 | 5 |
| **10** | 10 : 1 | 10 |
| **4** | 25 : 1 | 25 |
| **2** | 50 : 1 | 50 |
| **1** | 100 : 1 | 100 |
| **0.5** | 200 : 1 | 200 |
| **0.1** | 1000 : 1 | 1000 |

I gcomhar le hinnealtóirí an údaráis áitiúil, rinneadh comhairliúchán forleathan agus fíorú forleathan i ndáil leis na dréacht-léarscáileanna tuile.  Dá ainneoin sin, deir OOP go bhfuil na

[1] http://southeastcfram.irish-surge-forecast.ie/?page_id=327

dréacht-léarscáileanna beartaithe le haghaidh comhairliúcháin amháin; ní ceart iad a úsáid i ndáil le haon chuspóir eile ná i ndáil le haon phróiseas déanta cinntí. Is dócha go ndéanfar iad a uasdátú, a mhínscagadh nó a athrú sula gcuirtear bailchríoch orthu.

Sainaithníonn na dréacht-léarscáileanna tuile sin teagmhais Abhann DSB 10%, 1% agus 0.1% i nGuaire. Tá réimsí tuile ann feadh na n-aibhneacha agus na sruthán i limistéar an PCÁ agus tá na ceantair is fairsinge suite thart ar na háiteanna seo a leanas: Bealach Thaidhgín, Bóthar an Inbhir Mhóir, Droichead Ghuaire, Fearann an Mhuilinn, Ráithín na gCoirín, Cathair na nGairdíní agus an Chraobhach. Tá na dréacht-léarscáileanna a bhaineann le limistéar an PCÁ le fáil in Aguisín 1 den MSRT.

#### 2.2.2 Léarscáiliú Tuile JBA


Ba iad JBA Consulting Engineers and Scientists a d'ullmhaigh an léarscáil tuile seo agus tá sí á húsáid ag Comhairle Contae Loch Garman ó bhí an bhliain 2010 ann ar mhaithe le scagadh a dhéanamh i leith riosca tuile.

Tá modheolaíocht na léarscáilíochta tuile abhann bunaithe ar mhúnlú leathanscála hiodrálach. Ghin an múnla sreabhadh deartha a ionchuireadh ag eatraimh 300 méadar feadh gach réimse abhann. Baineadh úsáid as an sreabhadh ansin chun tuiliú ró-ualaigh a asamhlú trí úsáid a bhaint as múnla hiodrálach déthoiseach ilscála agus is é a lean as sin ná sracléaráidí tuile a chur ar taispeáint ar léarscáileanna tuile. De réir na dtreoirlínte, déantar na foinsí tuile a léarscáiliú beag beann ar aon chineál cosanta ar thuile agus ní gá gur múnla iad d'idirghníomhaíocht le haon ní seachas dromchla na talún, agus gach gné de dhéantús an duine bainte de. Ceanglaíonn na treoirlínte an cur chuige sin a ghlacadh chun an riosca go dtarlóidh cliseadh cosanta nó sceitheadh a chur san áireamh.

Níl sna criosanna tuile ach léiriú táscach ar thuiliú abhann agus ar thuiliú cósta. Ní ceart iad a úsáid lena mhaíomh go bhfuil aon limistéir ar leith saor ó riosca tuile ós rud é nach gcuireann siad san áireamh na héifeachtaí a bhaineann le cineálacha eile tuile amhail tuile a éiríonn as screamhuisce nó as córais draenála saorga.

I bhFíor 2 sainaithnítear Criosanna Tuile JBA laistigh de cheantar an phlean agus laistigh de limistéir atá tadhlach le ceantar an phlean. Tá comhghaol ann idir na criosanna sin agus dréacht-léarscáileanna tuile BMRTD cé go bhfuil na réimsí atá sainaitheanta ar léarscáileanna JBA níos forleithne ná dréacht-léarscáiliú BMRTD. Cuirtear an difríocht sin i leith léarscáilíocht JBA a bheith bunaithe ar mhúnlú leathanscála seachas ar mhúnlúchán mionsonraithe, ar shuirbhéireacht láithreáin, ar imscrúdú agus ar obair fíorúcháin a rinneadh mar chuid de chlár BMRTD.

**Fíor 2  Léarscáiliú Creasa Tuile JBA**




**Foinse:** iMAP-anna Chomhairle Contae Loch Garman.

### 2.2.3 Riosca Tuile Abhann

De réir na dTreoirlínte, is iondúil go mbíonn tuile abhann bainteach le stoirmeacha toirní comhiompracha samhraidh nó le cealla báistí ard-déine laistigh de theagmhais ar faide a ré. Tarlaíonn tuiliú abhann mar thoradh ar shreabhadh de dhroim talún tar éis báistí, ar sreabhadh é a bhíonn ann sula dtéann an t-uisce isteach in aon sruthchúrsa nó in aon

séarach. Is féidir le déine na báistí a bheith de chineál a fhágann nach mbíonn córais draenála uisce dromchla ná córais draenála faoin talamh in ann déileáil leis.

Rinneadh riosca tuile bháistiúil (abhann) a bhreithniú i rith Chéim 1 de chlár BMRTD. Tá sraith sonraí léarscáile báistí ann mar chuid de na léarscáileanna Réamh-Mheasúnachta Riosca Tuile (RMRT) agus baineadh úsáid as sin chun limistéir forbartha a mbaineann riosca ar leith tuile uisce dromchla agus báistí leo a shainaithint.

**Léarscáileanna Fairsinge Tuile Bháistiúil**

Tá na fairsingí tuile bháistiúil RMRT ar taispeáint i bhFíor 3. Tá an mhodheolaíocht seo a leanas leagtha amach sa Réamh-Mheasúnacht Náisiúnta ar Riosca Tuile.[2] Bhí an próiseas i leith léarscáileanna fairsinge tuile bháistiúil a fhorbairt bunaithe ar dhoimhnis agus ar dhéiní éagsúla báistí 'a chaitheamh' ar feadh raon tréimhsí éagsúla agus ar mhúnlú a dhéanamh i dtaobh conas a shreabhfadh an bháisteach sin thar thalamh agus, go háirithe, conas a fhoirmíonn sí linnte i limistéir ísle. Rinneadh an méid báistí a d'ionsúigh an talamh nó, i limistéar uirbeach, a draenáladh isteach sa chóras uirbeach dreanála uisce stoirme agus, dá bharr sin, a asbhaineadh ón uisce a shreabhfadh thar an talamh chun linn a fhoirmiú, a mheas trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí Uasdátaithe Staidéar Tuile agus, ina theannta sin, as anailís ar theagmhais léarscáilithe atá bunaithe ar mhúnlú de chineál níos mionsonraithe (i mBaile Átha Cliath). Mar thoradh ar an bpróiseas ullmhaíodh léarscáileanna de limistéir ar dóigh go mbeidh tuiliú iontu mar gheall ar theagmhais dhiana báistí a éireoidh as trí dhóchúlacht teagmhais tuile (teagmhais DSB 3.33%, 1% agus 0.1%).

Oiriúnaíodh na léarscáileanna le nach mbeadh ar taispeáint orthu ach na fairsingí i leith doimhnis is mó ná 200mm (ar an mbonn nach mbeadh doimhnis níos lú ná sin ina gcúis le damáiste suntasach, ag féachaint d'airde leac dorais os cionn leibhéal na talún). Glacadh leis sa phróiseas go raibh acmhainneacht thairiseach ann i leith na gcóras uirbeacha draenála uisce stoirme agus, mar de bharr scála na hanailíse, ní dhearnadh struchtúir áitiúla draenála,


[2] Oifig na nOibreacha Poiblí, An Réamh-Mheastáchán Náisiúnta ar Riosca Tuile (RMRT), Tuarascáil Forléargais-Dréacht le haghaidh Comhairliúchán Poiblí, Baile Átha Cliath, Lúnasa 2011, leathanaigh 15-16.

amhail tóchair trí chlaífoirt nó draenáil áitiúil eile, san áireamh ar struchtúir iad nach ndéanfaí réiteach ina leith sa DTM ar scála náisiúnta.

Is píosaí beaga talún iad sin atá suite anseo is ansiúd ar fud limistéar an phlean agus a bhfuil riosca tuile ann ina leith agus cuimsíonn siad limistéir fhorbartha agus limistéir neamhfhorbartha. Maidir leis na limistéir den chineál is déanaí atá luaite, áirítear tailte criosanna Spáis Oscailte agus Taitneamhachta i mBaile Ram, píosaí beaga talún cónaithí sa Chraobhach, i mBealach Thaidhgín agus i bhFearann an Mhuilinn agus píosaí beaga de na tailte Gnó agus Teicneolaíochta ar Bhóthar Bhaile na Cúirte.  Tá riosca tuile báistí de chineál níos leithne sainaitheanta i mBaile an Locháin. Comhfhreagraíonn an chuid is mó den limistéar sainaitheanta leis an riosca tuile abhann sa limistéar seo, rud a dtugtar aghaidh air arís ar bhealach níos mionsonraithe i Roinn 2.6. Tá forbairt déanta ar chuid de na tailte cheana féin. I gcás na dtailte neamhfhorbartha, tá an chuid is mó de na limistéir shainaitheanta criosaithe i gcomhair Fóillíochta agus Taitneamhachta (uisce-oiriúnach) nó i gcomhair Cúltaca Straitéiseach (gan aon úsáid shainaitheanta a bheith ann ina leith). Tá píosa beag talún ann siar ó Theach Bhaile an Locháin ar talamh í atá suite ar chuid den bhóthar poiblí agus ar ghiota beag talún atá criosaithe mar thalamh thionsclaíoch.

Is ceart measúnachtaí riosca tuile láithreán-sonracha a dhéanamh de réir leibhéal chomh mionsonraithe agus is cuí i gcás tailte a mbaineann riosca tuile báistí sainaitheanta d’fhonn measúnacht a dhéanamh ar an t-ionchas atá ann go rannchuideoidh na tailte lena mbaineann le tuiliú báistí nó go mbeidís leochaileach i dtaca le tuiliú báistí de. Mar chuid de mheasúnachtaí den sórt sin agus d’fhorbairtí amach anseo, is ceart breithniú iomlán a dhéanamh ar chúrsaí draenála agus, go háirithe, breithniú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil aon chonairí sreabhaidh uisce ann ar na tailte nó an bhfoirmítear linnte ar na tailte. Ní mór a thaispeáint, in aon tograí maidir le forbairt, nach mbeidh tionchar diúltach á imirt ar an riosca tuile in áiteanna eile.

**Fíor 3 Fairsinge Tuile Báistí de réir RMRT Oifig na nOibreacha Poiblí**




## 2.3 Na Foinsí Tánaisteacha le haghaidh Faisnéise maidir le Riosca Tuile

### 2.3.1 Bunachar Sonraí OOP maidir le Tuilte

Ar an láithreán gréasáin a bhaineann le léarscáilíocht na Guaise Náisiúnta i leith Tuilte, atá á oibriú ag Oifig na nOibreacha Poiblí, soláthraítear faisnéis faoi shuíomhanna sa bhaile atá leochaileach i dtaca le tuile de. Tá teagmhais tuile a bhí ann roimhe seo ag Droichead Ghuaire, ar Bhóthar an Inbhir Mhóir agus Cathair na nGairdíní taifeadta ar an láithreán gréasáin sin, is é sin, [www.floodmaps.ie](http://www.floodmaps.ie). Taispeántar na limistéir sin i bhFíor 4. Tá oibreacha áitiúla feabhais déanta ag Comhairle Contae Loch Garman sna limistéir sin.

**Fíor 4 Teagmhais Tuile i mBaile Ghuaire agus sna Limistéir Máguaird**




**Foinse:** [www.floodmaps.ie](http://www.floodmaps.ie)

### 2.3.2 Léarscáileanna OOP maidir le Tailte is Tairbhithe


D'ullmhaigh Oifig na nOibreacha Poiblí na léarscáileanna seo chun limistéir a gheobhadh tairbhe ó scéimeanna siltin talún a shainaithint agus is féidir breathnú orthu ar [www.floodmaps.ie](http://www.floodmaps.ie). D'fhéadfaí a cheapadh go bhféadfadh tuiliú a bheith ann sna tailte ísle

atá sainaitheanta gar d'aibhneacha agus do shrutháin. Athbhreithníodh na léarscáileanna agus níor sainaithníodh aon tailte den sórt sin i limistéar an phlean.

### 2.3.3 Ithreacha Gláracha

D'fhéadfadh ithreacha gláracha a bheith ina gcomhartha go raibh tuiliú ann tráth sa limistéar lena mbaineann. Mar thoradh ar thionscadal Chóras na hÉireann maidir le Faisnéis faoi Ithreacha (ar chómhaoinigh Teagasc agus Clár STRIVE na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil), tá forbairt déanta ar léarscáil náisiúnta ithreacha gaolmhara agus ar chóras ithreach digiteach gaolmhar ina soláthraítear faisnéis spásúil agus faisnéis chainníochtúil maidir le cineálacha ithreach ar fud na tíre. Is é atá i bhFíor 5 ná sliocht as an léarscáil sin agus léirítear ann suíomh na n-ithreacha gláracha i limistéar an PCÁ (an limistéar buí).

**Fíor 5 Ithreacha Gláracha i Limistéar an PCÁ.**




**Foinse:** www.teagasc.ie/soils/maps

#### 2.3.4 Suirbhéireacht Ordanáis (Léarscáileanna SO 6”)

Athbhreithníodh na léarscáileanna sin chun a fháil amach an bhfuil aon chuid de na tailte i limistéar an phlean marcáilte mar thailte lena mbaineann ‘Baol Tuile’. Athbhreithníodh na tréimhsí 1888-1913 agus 1837-1842 agus ní raibh aon tailte marcáilte amhlaidh.

## 2.4 Conclúid - Céim 1

Agus na foinsí faisnéise go léir atá leagtha amach thuas á gcur san áireamh, meastar go bhféadfadh saincheisteanna i leith riosca ionchasach tuile a bheith ann i limistéar an phlean agus, dá bhrí sin, is ceart an mheasúnacht a chur ar aghaidh chuig Céim 2.

## 2.5 Céim 2 Measúnacht Tosaigh ar an Riosca Tuile

Is é is cuspóir don chéim seo ná a chinntiú go ndéantar gach saincheist a bhaineann le riosca tuile a mheas agus go dtugtar aghaidh ar coimhlintí ionchasacha idir riosca tuile agus forbairt de réir leibhéal mionsonraithe cuí. Is ceart measúnacht a dhéanamh ar fhairsinge an riosca tuile agus d’fhéadfadh sé go mbeadh ullmhú léarscáileanna táscacha criosanna tuile i gceist leis sin. Tar éis criosanna tuile a bheith sainaitheanta, úsáidtear an cur chuige seicheamhach chun forbairt nua a dhíriú, más féidir, chuig limistéir ina bhfuil riosca íseal maidir le tuiliú.

### 2.5.1 An Cur Chuige Seicheamhach

Leis na Treoirlínte, ceanglaítear cur chuige seicheamhach a úsáid i ndáil le pleanáil agus i ndáil le bainistíocht riosca tuile ós rud é go meastar gur uirlis thábhachtach í i dtaca lena chinntiú go ndéantar forbairt, go háirithe forbairt nua, a dhíriú chuig talamh ina bhfuil riosca íseal maidir le tuiliú. Is é atá sa bhunfhealsúnacht atá ann mar thaca leis an gcur chuige seicheamhach a úsáid i ndáil le bainistíocht riosca tuile ná:

| | |
|---|---|
| **Seachaint** | Is fearr crios ina bhfuil riosca íseal tuilithe a roghnú le haghaidh forbairt nua. |
| **Ionadú** | A chinntiú nach bhfuil leochaileacht shonrach i leith thionchair dhochracha an tuilithe ann i gcás an chineáil forbartha atá beartaithe. |
| **Fírinniú** | A chinntiú go bhfuil an fhorbairt á breithniú ar chúiseanna straitéiseacha. |
| **Maolú** | A chinntiú go laghdaítear an riosca tuile go leibhéil inghlactha. |

### 2.5.2 Léarscáiliú Criosanna Tuile

Is é atá i gcriosanna tuile ná limistéir gheografacha ar laistigh díobh atá raon ar leith dóchúlachta go dtarlóidh tuiliú . Déantar trí chineál/leibhéal creasa tuile a shainmhíniú sna Treoirlínte:

- Crios Tuile A - cásanna ina bhfuil an dóchúlacht is airde i dtaca le tuiliú ó aibhneacha agus ón bhfarraige (níos mó ná 1% nó uair amháin gach céad bliain) a mhéid a bhaineann le tuiliú ó aibhneacha.
- Crios Tuile B - cásanna ina bhfuil dóchúlacht mheasartha i dtaca le tuiliú ó aibhneacha agus ón bhfarraige (sa raon idir 0.1% nó uair amháin gach míle bliain agus 1% nó uair amháin gach céad bliain), a mhéid a bhaineann le tuiliú ó aibhneacha.
- Crios Tuile C - cásanna ina bhfuil dóchúlacht íseal i dtaca le tuiliú ó aibhneacha agus ón bhfarraige (níos lú ná 0.1% nó uair amháin gach míle bliain agus 1% nó uair amháin gach céad bliain), a mhéid a bhaineann le tuiliú ó aibhneacha.

Is i léarscáilíocht an Dréacht-BMRTD do Bhaile Ghuaire a fhaightear na sonraí is cothroime le dáta agus is iontaofa ó thaobh cúrsaí teicniúla de dá bhfuil ann i dtaca le riosca tuile i limistéar an phlean a shainaithint. Dá réir sin, is cuí na sonraí sin a úsáid chun na criosanna tuile a chinneadh do limistéar an phlean. Sainaithnítear na criosanna tuile sin ar Léarscáil 2.

### 2.5.3 An Cur Chuige Seicheamhach a Chur i bhFeidhm

Tar éis na criosanna tuile atá ann laistigh de limistéar an phlean a bheith sainaitheanta, is é atá sa chéad chéim eile ná an cur chuige seicheamhach a chur i bhfeidhm maidir le pleanáil úsáide talún. De réir catagóiriú na dTreoirlínte i leith úsáid talún tá trí aicme leochaileachta ann. Tá na haicmí sin leagtha amach i dTábla 2. Déantar meaitseáil sna Treoirlínte freisin idir an leochaileacht sin agus crios tuile cuí. Tá an méid sin leagtha amach i dTábla 3.

**Tábla 2: Leochaileacht agus an Cineál Forbartha**

| Aicme Leochaileachta | Úsáidí talún agus cineálacha forbartha, lena n-áirítear: * |
|---|---|
| Forbairt an-leochaileach (lena n-áirítear bonneagar riachtanach) | • Stáisiúin Gharda, otharcharr agus dóiteáin agus ionaid cheannais nach mór iad a bheidh i bhfeidhm le linn teagmhas tuile;<br>• Ospidéil;<br>• Pointí rochtana agus imeachta éigeandála;<br>• Scoileanna;<br>• Tithe cónaithe, hallaí cónaithe mac léinn agus brúnna;<br>• Institiúidí cónaithe amhail teaghaisí cúraim cónaithe, teaghaisí leanaí agus teaghaisí seirbhísí sóisialta;<br>• Páirceanna carbhán agus tithe soghluaiste;<br>• Tithe cónaithe atá deartha, tógtha nó oiriúnaithe do dhaoine scothaosta nó do dhaoine eile a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; agus<br>• Bonneagar riachtanach, amhail cóir iompair phríomha agus dáileadh fóntas, lena n-áirítear stáisiúin agus fostáisiúin ghinte cumhachta leictrí, cóireáil uisce agus séarachais, agus foinsí ionchasacha suntasacha truaillithe (láithreáin SEVESO agus IPPC etc.) i gcás ina dtarlaíonn tuiliú. |
| **Forbairt nach bhfuil chomh leochaileach céanna** | • Foirgnimh a úsáidtear ar mhaithe le cúrsaí miondíola, fóillíochta, stórasaithe, tráchtála agus tionscail agus institiúidí neamhchónaitheacha;<br>• Talamh agus foirgnimh a úsáidtear ar mhaithe le saoire nó carbháin agus campáil ghearrthéarma a thagann faoi réir pleananna sonracha rabhaidh agus aslonnaithe;<br>• Talamh agus foirgnimh a úsáidtear i ndáil le cúrsaí talmhaíochta agus foraoiseachta;<br>• Cóireáil dramhaíola (seachas líonadh talún agus dramhaíl ghuaiseach); |

| | |
|---|---|
| | • Oibriú agus próiseáil mianraí; agus<br>• Bonneagar iompair áitiúil<br>• |
| **Forbairt uisce-chomhoiriúnach** | • Bonneagar rialaithe tuile;<br>• Dugaí, muiríní agus céanna;<br>• Saoráidí loingseoireachta;<br>• Tógáil, deisiú agus díchóimeáil long, próiseáil éisc taobh le duga, agus gníomhaíochtaí cuisniúcháin agus gníomhaíochtaí comhoiriúnacha a bhfuil gá le suíomh cois uisce ina leith;<br>• Áineas agus turasóireacht uisce-bhunaithe (gan cóiríocht chodlata a áireamh);<br>• Stáisiúin ghardaí tarrthála agus gardaí cósta;<br>• Spás oscailte taitneamhachta, spóirt allamuigh agus saoráidí áineasa agus saoráidí riachtanacha amhail seomraí gléasta; agus<br>• Cóiríocht fhoghabhálach riachtanach chodlata nó chónaithe do bhaill foirne atá ag teastáil le haghaidh úsáidí sa chatagóir seo (faoi réir rabhadh sonrach agus plean aslonnaithe) |

* Is ceart úsáidí nach liostaítear sa tábla seo a bhreithniú de réir a dtuillteanas féin

**Tábla 3 Maitrís Leochaileachta v Crios Tuile**

| | Crios Tuile A | Crios Tuile B | Crios Tuile C |
|---|---|---|---|
| **Forbairt atá an-leochaileach** | Tástáil Fírinnithe | Tástáil Fírinnithe | Cuí |
| **Forbairt nach bhfuil chomh leochaileach céanna** | Tástáil Fírinnithe | Cuí | Cuí |
| **Forbairt uisce-chomhoiriúnach** | Cuí | Cuí | Cuí |

## 2.6 An Cur Chuige Seicheamhach a Chur i bhFeidhm

Forleagadh an léarscáil criosanna tuile ar limistéar an phlean agus rinneadh athbhreithniú i gcomhthéacs na n-úsáidí talún atá ann cheana féin agus na n-úsáidí talún atá beartaithe. Mar thoradh air sin, sainaithníodh limistéir ina bhfuil riosca tuile ann maidir le forbairtí leochaileacha, idir fhorbairtí atá ann cheana féin agus fhorbairtí atá beartaithe.

### 2.6.1 Tailte Neamhfhorbartha

I gcás tailte neamhfhorbartha i gCrios Tuile A agus B, baintear úsáid as cur chuige **'Seachaint'**. Tá na tailte sin criosaithe mar 'Spás Oscailte agus Taitneamhacht' nó mar 'Fóillíocht agus Taitneamhacht'. Mar thoradh ar an gcur chuige sin, tá úsáidí leochaileacha bainte de Chrios Tuile A agus B. Is é atá i dtairbhe bhreise na gcriosuithe sin ná rannchuidiú le crios maolánach glas a sholáthar feadh sruthchúrsaí, rud a chabhróidh le cosaint a thabhairt d'iomláine na sruthchúrsaí agus a ngnáthóg gaolmhar. Tá na tailte lena mbaineann suite i mBealach Thaidhgín, i mBaile an Locháin, i Ráithín na gCoirín, i bhFearann an Mhuilinn, i dtailte siar ó Pháirc Bhaile Ghuaire, Cathair na nGairdíní, i dtailte i gcomharsanacht Pháirc na Sailí agus Gharrán Choill na Fuinseoige agus feadh an Bhóthair Faoisimh Istigh ag an gCraobhach.

#### 2.6.1.1 Tailte ar an sean-N11 (Bóthar an Inbhir Mhóir) ag Baile an Locháin

Tá na tailte sin, atá sainaitheanta mar Limistéar 4 ar Léarscáil 1, criosaithe mar Chúltaca Straitéiseach. Is é is cuspóir don chriosú sin ná *'tailte a chur ar fáil ar mhaithe le forbairt an limistéir amach anseo thar thréimhse an chéad phlean eile'*. Ní hionann na tailte sin a bheith san áireamh agus a rá, ar aon slí, go bhfuil gealltanas tugtha roimh ré maidir le cineál an chriosaithe. Breithneofar cinneadh den sórt sin de réir an chreata i leith spriocanna daonra de chineál náisiúnta agus réigiúnach is infheidhme an tráth lena mbaineann, de réir an ghá le tailte breise criosaithe agus de réir phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an limistéir. Meastar go bhfuil forbairt na dtailte lena mbaineann tábhachtach i leith chríochnú an Bhealaigh Faoisimh Istigh, ar bealach é, má chuirtear ar fáil é, a áiríonn cuid den bhóthar agus droichead thar an líne iarnróid agus thar an R772. Beidh criosú na talún sin amach anseo faoi réir MSRT an tráth sin.

### 2.6.2 Tailte Forbartha

Cé go bhfuil siad forbartha cheana féin, tá leanúint den chriosú láithreach úsáide talún, i gcás roinnt tailte, tar éis saincheisteanna a chruthú ó tharla nach mbeadh na tailte lena mbaineann i gcomhréir leis an Tástáil Fírinnithe. Baineann sé seo le tailte atá criosaithe mar thailte cónaitheacha i limistéir lena n-áirítear Cois Doire agus Sean-Doire, Ascaill Bhaile Eoghain, Cathair na nGairdíní, Bealach Thaidhgín agus an Chraobhach. Maidir leis na tailte sin, atá sainaitheanta mar Limistéir 1, 2 agus 3 ar Léarscáil 1, tá athchriosú déanta orthu mar chriosanna Fóillíochta agus Taitneamhachta.

Tá tailte forbartha eile ann inar cuireadh an cur chuige 'Ionadú' i bhfeidhm. Rinneadh an criosú úsáide talún ar na tailte a choigeartú le Crios Tuile A atá criosaithe mar 'Fóillíocht agus Taitneamhacht' agus coimeádann an chuid eile den láithreán an criosú atá aige faoi láthair. Baineann sé seo leis na tailte seo a leanas:

**(a) Tailte ar an sean-N11 (Bóthar an Inbhir Mhóir) ag Baile an Locháin**

Tá na tailte lena mbaineann agus a shainaithnítear mar Limistéar 5 ar Léarscáil 1 criosaithe le haghaidh úsáid Tráchtála agus criosaíodh píosa beag mar thalamh chónaitheach. Sainaithníonn an léarscáil Creasa Tuile Crios Tuile A ar na himill is faide amach de na tailte lena ngabhann achar Chrios Tuile B laistigh den dáileacht

Tráchtála.  I bhfianaise shuíomh an láithreáin i gcoibhneas leis an lárcheantar uirbeach, ní bheadh na tailte lena mbaineann i gcomhréir leis an Tástáil Fírinnithe. Dá réir sin, rinneadh an criosú úsáide talún a choigeartú le go ndéanfaí tailte i gCrios Tuile A a athchriosú mar chriosanna Fóillíochta agus Taitneamhachta agus coimeádann an chuid eile den láithreán a chriosú Tráchtála (ós rud é go bhfuil forbairtí nach bhfuil chomh leochaileach céanna, lena n-áirítear forbairtí tráchtála, oiriúnach i gCrios Tuile B).

**(b) Tailte i bhFearann an Mhuilinn (á n-áitiú faoi láthair ag Ceannaithe Talmhaíochta)**

Tá na tailte sin, atá sainaitheanta mar Limistéar 6 ar Léarscáil 1, criosaithe mar Chúltaca Straitéiseach. Téann Abhainn na Beannóige tríd an láithreán. I bhfianaise shuíomh an láithreáin i gcoibhneas leis an lárcheantar uirbeach, ní bheadh na tailte lena mbaineann i gcomhréir leis an Tástáil Fírinnithe.  Dá réir sin, rinneadh an criosú úsáide talún a choigeartú le go ndéanfaí na tailte i gCrios Tuile A a athchriosú mar chriosanna Fóillíochta agus Taitneamhachta agus coimeádann an chuid eile den láithreán a chriosú Tráchtála (ós rud é go bhfuil forbairtí nach bhfuil chomh leochaileach céanna, lena n-áirítear forbairtí tráchtála, oiriúnach i gCrios Tuile B).

Dá ainneoin sin, beidh sé de cheangal go mbeidh measúnacht riosca tuile láithreán-sonrach a oireann do chineál agus do scála na forbartha ag gabháil le tograí i leith forbartha ar na tailte thuas.


## 2.7 Tástáil Fírinnithe an Phlean maidir le Forbairt

Bhí ról tábhachtach ag bainistíocht riosca tuile i ndáil le faisnéis a chur ar fáil i leith cinntí maidir le cuspóirí an chriosaithe úsáide talún i limistéar an phlean. Go dtí seo, tá leas bainte as an gcur chuige ‘Seachaint’ agus as an gcur chuige ‘Ionadú’ agus tá athchriosú déanta ar thailte go ‘Spás Oscailte agus Taitneamhacht’ nó go ‘Fóillíocht agus Taitneamhacht’.

Tá limistéir ann laistigh de lár an bhaile ar limistéir iad atá laistigh de Chrios Tuile A agus B. Is é atá sa chriosú úsáide talún don limistéar sin ná an Limistéar Lárnach Gnó (Lár an Bhaile) agus áiríonn sé úsáidí san aicme ‘tailte an-leochaileach’ (cónaí, scoileanna) agus san aicme nach bhfuil chomh leochaileach céanna (miondíol agus tráchtáil). I gcomhréir le ‘Tábla 3 -

Maitrís Leochaileachta', is gá an Tástáil Fírinnithe a chur i bhfeidhm maidir leis na húsáidí sin sa limistéar seo.

### 2.7.1 Tailte i gcomharsanacht Shráid Easmainn, Dhroichead Ghuaire & Bhóthar an Inbhear Mhóir.

| | |
|---|---|
| **Suíomh** | Tá na tailte seo atá sainaitheanta mar Limistéar 7 de Léarscáil 1 suite i gcomharsanacht Shráid Easmainn, Bhóthar an Inbhir Mhóir agus Dhroichead Ghuaire. Tá forbairt déanta i gcuid mhór den limistéar seo - LIDL, Aldi, Boggan's Car Garrage, aonad folamh tráchtála ag Aldi, spóirt agus taitneamhacht, lena n-áirítear Club Leadóige Ghuaire agus carrchlós príobháideach tráchtála. Téann an líne iarnróid tríd an limistéar.  |
| **Criosú Úsáide Talún** | An Limistéar Lárnach Gnó (Lár an Bhaile) Áiríonn an criosú úsáide talún úsáidí san aicme 'tailte an-leochaileach' (cónaí) agus san aicme nach bhfuil chomh leochaileach céanna (miondíol agus tráchtáil). |
| **Crios Tuile** | Crios Tuile B (gorm éadrom) agus Crios Tuile A (dúghorm) feadh Abhainn na Beannóige, go formhór.  I gCrios Tuile B, is forbairtí comhoiriúnacha iad na forbairtí san aicme nach bhfuil chomh leochaileach céanna. Dá bhrí sin, ní bhaineann an Tástáil Fírinnithe ach amháin le forbairtí an-leochaileach i gCrios Tuile A agus B. |


| Tástáil Fírinnithe | |
|---|---|
| Tá an lonnaíocht uirbeach roghnaithe le haghaidh fáis faoin Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, faoi na treoirlínte pleanála réigiúnaí, faoi phleananna reachtúla (plean forbartha/plean ceantair áitiúil) nó faoi na forálacha den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, a bhaineann leis na Treoirlínte Pleanála nó leis an Treoir maidir le Pleanáil. | Faoin Straitéis Náisiúnta Spásúlachta (SNS) agus faoi na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Oirdheiscirt 2010-2022 (TPSNS), tá Baile Ghuaire ainmnithe mar Bhaile den chineál is mó lena ngabhann deiseanna i leith neartú ceantar uirbeach. Roghnaíodh é le haghaidh fás tomhaiste ag féachaint dá shuíomh straitéiseach, dá acmhainn i leith fáis agus dá ionchas i leith croí-chuspóirí na maise criticiúla agus na forbartha réigiúnaí cothroime a bhaint amach. Tríd an Straitéis Lonnaíochta agus tríd an gCroí-Straitéis ghaolmhar atá ann sa PCÁ, athneartaítear ról Ghuaire mar Bhaile den chineál is mó. |
| Tá gá le criosú nó le hainmniú na dtailte le haghaidh na húsáide nó an chineáil forbartha ar leith chun pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe na lonnaíochta uirbí a bhaint amach, agus go háirithe: | Tá an talamh seo criosaithe mar Limistéar Lárnach Gnó. |
| (2) (i) Tá sé riachtanach athghiniúint agus/nó leathnú lár na | Tá na tailte lena mbaineann suite laistigh de lár an bhaile agus faoi fhad siúil agus rothaíochta de na príomhshráideanna, de stáisiún traenach, de stadanna bus agus de cheantair chónaitheacha. |

| | |
|---|---|
| lonnaíochta uirbí a éascú. | D’éascódh athfhorbairt na dtailte seo athghiniúint/leathnú lár an bhaile agus<br>- D’éascódh sé dlúis níos airde i lár an bhaile chun an mhais chriticiúil a chur ar fáil atá ag teastáil chun baile féinchothaitheach a chruthú agus chun ról an bhaile mar Bhaile den chineál is mó a chomhlíonadh;<br>- D’éascódh sé úsáid éifeachtach bonneagair agus acmhainní agus bhainfeadh sé úsáid den sórt sin amach;<br>- Rannchuideodh sé le beocht agus le bríomhaireacht lár an bhaile;<br>- Spreagfadh sé laghdú ar líon agus ar fhad na dturas gluaisteáin agus ar na hastaíochtaí gaolmhara gás ceaptha teasa;<br>- D’éascódh sé tréscaoilteacht fheabhsaithe sa limistéar seo trí nasc coisithe a chur ar fáil trí na tailte. |
| (2) (ii) Cuimsíonn sé forbairt shuntasach a rinneadh roimhe seo agus/nó tailte tearc-úsáidte; | Cé go bhfuil forbairt déanta ar chuid mhór den talamh, tá codanna tearc-úsáidte ann amhail na tailte idir Sráid Easmainn agus LIDL ar tailte iad ina bhfuil deis ar fáil i gcomhair athfhorbairt. |
| (2) (iii) Tá sé laistigh de lonnaíocht uirbeach sheanbhunaithe nó ainmnithe nó tá sé tadhlach le lonnaíocht den sórt sin | Tá an limistéar seo laistigh de chroílár Bhaile Ghuaire. |
| (2) (iv) Beidh sé riachtanach maidir le fás uirbeach de chineál dlúth agus inbhuanaithe a bhaint | Tá na tailte lena mbaineann suite i gcroílár an bhaile. Meastar go bhfuil criosú na dtailte seo i gcomhréir leis na Tosaíochtaí Comhdhlúthúchán Uirbeach do Bhailte Móra atá leagtha amach in TPSNS ina luaitear gur ceart tailte tearc-úsáidte, tréigthe nó tearc-fhorbartha atá ann sa limistéar foirgnithe a shainaithint agus na |

| | |
|---|---|
| amach; agus | deiseanna a bhaineann leo a shaothrú. Sa Straitéis maidir le Dearadh Uirbeach (Roinn 3 den PCÁ), sainaithníodh na tailte mar láithreán tábhachtach deise i leith athfhorbairt i lár an bhaile. |
| (2) (v) Níl aon tailte oiriúnacha malartacha le haghaidh na húsáide ar leith nó an chineáil forbartha ann i limistéir ina bhfuil riosca íseal tuilithe agus ar limistéir iad atá laistigh den limistéar uirbeach nó tadhlach leis. | Tá na tailte seo laistigh den limistéar uirbeach agus meastar go bhfuil an criosú atá beartaithe thar a bheith tábhachtach i leith comhdhlúthú agus neartú chroílár an limistéir uirbigh. |
| 3 Tá measúnacht riosca tuile, de réir leibhéal mionsonraithe cuí, curtha i gcrích mar chuid den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta a rinneadh le linn an plean a ullmhú agus léiríonn an mheasúnacht riosca tuile sin gur féidir an riosca tuile i leith na forbartha a bhainistiú go dóthanach agus nach mbeidh úsáid nó | Tá torthaí an MSRT curtha san áireamh i dTuarascáil Timpeallachta an MST.<br><br>Tá sraith cuspóirí bainistíochta riosca tuile ann i bPlean Forbartha an Chontae, ar cuspóirí iad a bhaineann le tuiliú agus maolú tuilithe. Tá na cuspóirí sin bainteach le hábhar an PCÁ. Déantar Bainistíocht Riosca Tuile a phlé tuilleadh i Roinn 3.<br><br>Maidir le hiarratais pleanála i leith tograí forbartha laistigh de Chrios Tuile A agus B, is gá measúnacht riosca tuile láithreán-sonrach a oireann do chineál agus do scála na forbartha a chur ag gabháil leo agus ní mór go n-éireoidh leo i dtaca leis an Tástáil Fírinnithe i leith Bainistíocht Forbartha a dhéanfar, más iomchuí. Ní mór go gcomhlánóidh an mheasúnacht riosca tuile láithreán-sonrach sin ceanglais na dTreoirlínte, go háirithe maidir leis an riosca tuile a mhionsonrú, maidir le bearta oiriúnacha éifeachtacha maolúcháin a mholadh agus maidir le déileáil leis an |

| | |
|---|---|
| forbairt na dtailte ina gcúis le tionchair neamh-inghlactha ná le tionchair dhochracha in áiteanna eile. | riosca iarmharach.<br><br>Bheadh na nithe seo a leanas san áireamh sna bearta maolúcháin:<br>(a) Déanamh de réir moltaí, lena n-áirítear moltaí maidir le cúrsaí struchtúracha agus cúrsaí neamhstruchtúracha, mar atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Riosca Tuile don bhaile faoi chlár BMRTD.<br>(b) Glanlaghdú ar an toilleadh stórála tuilemhá a sheachaint laistigh de na tailte atá á bhforbhairt. Is ceart go n-áireodh sé sin stóráil chúiteach a chur ar fáil agus is fearr go mbeadh an stóráil sin ann laistigh den láithreán.<br>(c) Tograí a mbeadh saorbhord cuí-dheartha ann mar chuid díobh. Is ceart é a dhearadh de réir teagmhais tuile de chineál 'uair amháin gach céad bliain' agus 'uair amháin gach míle bliain'.<br>(d) Gan conairí sreabhaidh láithreacha a shuaitheadh ná a chur i mbaol.<br>(e) Bainistíocht uisce dromchla a bheith i gcomhréir le CIDU. |

### 2.7.2 Tailte ó thuaidh ó Phobalscoil Ghuaire


| | |
|---|---|
| Suíomh | Maidir leis na tailte sin, atá sainaitheanta mar Limistéar 9 ar Léarscáil 1, faightear rochtain orthu ó Shráid Easmainn. Faightear rochtain ar Phobalscoil Ghuaire trí chuid den láithreán, agus baintear úsáid as an gcuid eile chun gluaisteáin a pháirceáil ann.   |
| Criosú Úsáide Talún | An Limistéar Lárnach Gnó (Lár an Bhaile) |
| Crios Tuile | Crios Tuile B (gorm éadrom) agus Crios Tuile A (dúghorm) feadh Abhainn na Beannóige, go formhór. |
| **Tástáil Fírinnithe** | |
| Tá an lonnaíocht uirbeach roghnaithe le haghaidh fáis faoin Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, faoi na treoirlínte pleanála réigiúnaí, faoi phleananna reachtúla | Tá Baile Ghuaire ainmnithe faoin Straitéis Náisiúnta Spásúlachta agus faoi na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Oirdheiscirt mar Bhaile den chineál is mó lena ngabhann deiseanna i leith neartú ceantar uirbeach. Roghnaíodh é le haghaidh fás tomhaiste ag féachaint dá shuíomh straitéiseach, dá acmhainn i leith fáis agus dá ionchas i leith croí-chuspóirí na naise criticiúla agus na forbartha réigiúnaí cothroime a bhaint amach. Tríd an Straitéis Lonnaíochta agus tríd an gCroí-Straitéis |

| | |
|---|---|
| (plean forbartha/plean ceantair áitiúil) nó faoi na forálacha den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, a bhaineann leis na Treoirlínte Pleanála nó leis an Treoir maidir le Pleanáil. | ghaolmhar atá ann sa PCÁ, athneartaítear ról Ghuaire mar Bhaile den chineál is mó. |
| Tá gá le criosú nó le hainmniú na dtailte le haghaidh na húsáide nó an chineáil forbartha ar leith chun pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe na lonnaíochta uirbí a bhaint amach, agus go háirithe: | Tá na tailte lena mbaineann criosaithe mar Limistéar Lárnach Gnó (Lár an Bhaile). |
| (2) (i) Tá sé riachtanach athghiniúint agus/nó leathnú lár na lonnaíochta uirbí a éascú. | Is láithreán tearc-úsáidte é an láithreán seo, agus é suite faoi fhad siúil agus rothaíochta de na príomhshráideanna i lár an bhaile. Tá deiseanna comhdhlúthúcháin uirbigh ann sa láithreán trí úsáid a bhaint as talamh athfhorbraíochta i lár an bhaile. |
| (2) (ii) Cuimsíonn sé forbairt shuntasach a rinneadh roimhe seo agus/nó tailte tearc-úsáidte; | Is tailte tearc-úsáidte iad na tailte seo agus, sa Straitéis maidir le Dearadh Uirbeach (Roinn 3 den PCÁ) agus sa Straitéis Mhiondíola, sainaithníodh na tailte mar láithreán tábhachtach deise i leith athfhorbairt i lár an bhaile. |
| (2) (iii) Tá sé laistigh de lonnaíocht uirbeach | Tá an limistéar seo laistigh de chroílár Bhaile Ghuaire. |

| | |
|---|---|
| sheanbhunaithe nó ainmnithe nó tá sé tadhlach le lonnaíocht den sórt sin | |
| (2) (iv) Beidh sé riachtanach maidir le fás uirbeach de chineál dlúth agus inbhuanaithe a bhaint amach; agus | Tá an láithreán suite i lár an bhaile. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí úsáidí éagsúla a chur chun cinn i lár an bhaile agus gar do lár an bhaile, lena n-áirítear úsáidí nua de chineál cónaitheach, tráchtála, cultúir agus pobail, ós rud é go dtacaíonn sé sin le cruthú pátrún inbhuanaithe forbartha. |
| (2) (v) Níl aon tailte oiriúnacha malartacha le haghaidh na húsáide ar leith nó an chineáil forbartha ann i limistéir ina bhfuil riosca íseal tuilithe agus ar limistéir iad atá laistigh den limistéar uirbeach nó tadhlach leis. | Tá na tailte seo laistigh den limistéar uirbeach agus meastar go bhfuil an criosú atá beartaithe thar a bheith tábhachtach i leith comhdhlúthú agus neartú chroílár an limistéir uirbigh. |
| 3 Tá measúnacht riosca tuile, de réir leibhéal mionsonraithe cuí, curtha i gcrích mar chuid den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta a | Tá torthaí an MSRT curtha san áireamh i dTuarascáil Timpeallachta an MST.<br><br>Tá sraith cuspóirí bainistíochta riosca tuile ann i bPlean Forbartha an Chontae, ar cuspóirí iad a bhaineann le tuiliú agus maolú tuilithe. Tá na cuspóirí sin bainteach le hábhar an PCÁ. Déantar Bainistíocht Riosca Tuile a phlé tuilleadh i Roinn 3. |

| | |
|---|---|
| rinneadh le linn an plean a ullmhú agus léiríonn an mheasúnacht riosca tuile sin gur féidir an riosca tuile i leith na forbartha a bhainistiú go dóthanach agus nach mbeidh úsáid nó forbairt na dtailte ina gcúis le tionchair neamh-inghlactha ná le tionchair dhochracha in áiteanna eile. | Maidir le hiarratais pleanála i leith tograí forbartha laistigh de Chrios Tuile A agus B, is gá measúnacht riosca tuile láithreán-sonrach a oireann do chineál agus do scála na forbartha a chur ag gabháil leo agus ní mór go n-éireoidh leo i dtaca leis an Tástáil Fírinnithe i leith Bainistíocht Forbartha a dhéanfar, más iomchuí. Ní mór go gcomhlánóidh an mheasúnacht riosca tuile láithreán-sonrach sin ceanglais na dTreoirlínte, go háirithe maidir leis an riosca tuile a mhionsonrú, maidir le bearta oiriúnacha éifeachtacha maolúcháin a mholadh agus maidir le déileáil leis an riosca iarmharach.<br><br>Bheadh na nithe seo a leanas san áireamh sna bearta maolúcháin:<br>(a) Déanamh de réir moltaí, lena n-áirítear moltaí maidir le cúrsaí struchtúracha agus cúrsaí neamhstruchtúracha, mar atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Riosca Tuile don bhaile faoi chlár BMRTD.<br>(b) Glanlaghdú ar an toilleadh stórála tuilemhá a sheachaint laistigh de na tailte atá á bhforbhairt. Is ceart go n-áireodh sé sin stóráil chúiteach a chur ar fáil agus is fearr go mbeadh an stóráil sin ann laistigh den láithreán.<br>(c) Tograí a mbeadh saorbhord cuí-dheartha ann mar chuid díobh. Is ceart é a dhearadh de réir teagmhais tuile de chineál 'uair amháin gach céad bliain' agus 'uair amháin gach míle bliain'.<br>(d) Gan conairí sreabhaidh láithreacha a shuaitheadh ná a chur i mbaol.<br>(e) Bainistíocht uisce dromchla a bheith i gcomhréir le CIDU |

### 2.7.3 Láithreán Phobalscoil Ghuaire

| | |
|---|---|
| Suíomh | Maidir leis na tailte sin, atá sainaitheanta mar Limistéar 8 ar Léarscáil 1, faightear rochtain orthu ó Shráid Easmainn agus tá Pobalscoil Ghuaire lonnaithe orthu, is é sin, ceann de na meánscoileanna is mó dá bhfuil ann sa tír.  |
| Criosú Úsáide Talún | Pobal agus Oideachas |
| Crios Tuile | Crios Tuile B (gorm éadrom) agus Crios Tuile A (dúghorm) feadh Abhainn na Beannóige, go formhór. |
| **Tástáil Fírinnithe** | |
| Tá an lonnaíocht uirbeach roghnaithe le haghaidh fáis faoin Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, faoi na treoirlínte pleanála réigiúnaí, faoi phleananna reachtúla (plean forbartha/plean | Tá Baile Ghuaire ainmnithe faoin Straitéis Náisiúnta Spásúlachta agus faoi na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Oirdheiscirt mar Bhaile den chineál mó lena ngabhann deiseanna i leith neartú ceantar uirbeach. Roghnaíodh é le haghaidh fáis ag féachaint dá shuíomh straitéiseach, dá acmhainn i leith fáis agus dá ionchas i leith croí-chuspóirí na maise criticiúla agus na forbartha réigiúnaí |

| | |
|---|---|
| ceantair áitiúil) nó faoi na forálacha den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, a bhaineann leis na Treoirlínte Pleanála nó leis an Treoir maidir le Pleanáil. | cothroime a bhaint amach. Tríd an Straitéis Lonnaíochta agus tríd an gCroí-Straitéis ghaolmhar atá ann sa PCÁ, athneartaítear an ról sin. |
| Tá gá le criosú nó le hainmniú na dtailte le haghaidh na húsáide nó an chineáil forbartha ar leith chun pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe na lonnaíochta uirbí a bhaint amach, agus go háirithe: | Tá na tailte lena mbaineann criosaithe mar thailte Pobail agus Oideachais chun léiriú a dhéanamh ar úsáid na talún faoi láthair. |
| (2) (i) Tá sé riachtanach athghiniúint agus/nó leathnú lár na lonnaíochta uirbí a éascú. | Tá an mheánscoil suite i Lár an Bhaile áit ar fearr scoileanna a bheith suite. Tá an láithreán suite laistigh d'achar gairid siúil agus rothaíochta ó na príomhshráideanna agus ó na limistéir thadhlacha chónaitheacha. |
| (2) (ii) Cuimsíonn sé forbairt shuntasach a rinneadh roimhe seo agus/nó tailte tearc-úsáidte; | Tá forbairt mhór déanta ar láithreán Phobalscoil Ghuaire. |
| (2) (iii) Tá sé laistigh de lonnaíocht uirbeach sheanbhunaithe nó ainmnithe nó tá sé tadhlach le lonnaíocht den sórt sin | Tá an limistéar seo laistigh de chroílár Bhaile Ghuaire. |
| (2) (iv) Beidh sé riachtanach maidir le fás uirbeach de chineál dlúth agus | Is ionann suíomh na scoile i lár an bhaile agus pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe. Mar atá luaite thuas, tá an láithreán faoi fhad siúil agus rothaíochta ó chuid mhór |

| | |
|---|---|
| inbhuanaithe a bhaint amach; agus | limistéar cónaitheach, rud a chuireann rochtain éasca ar fáil do mhic léinn. |
| (2) (v) Níl aon tailte oiriúnacha malartacha le haghaidh na húsáide ar leith nó an chineáil forbartha ann i limistéir ina bhfuil riosca íseal tuilithe agus ar limistéir iad atá laistigh den limistéar uirbeach nó tadhlach leis. | Tá na tailte seo laistigh den limistéar uirbeach agus meastar go bhfuil an criosú atá beartaithe thar a bheith tábhachtach i leith comhdhlúthú agus neartú chroílár an limistéir uirbigh. Ina theannta sin éascófar leathnú cuí na scoile atá ann faoi láthair. |
| 3 Tá measúnacht riosca tuile, de réir leibhéal mionsonraithe cuí, curtha i gcrích mar chuid den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta a rinneadh le linn an plean a ullmhú agus léiríonn an mheasúnacht riosca tuile sin gur féidir an riosca tuile i leith na forbartha a bhainistiú go dóthanach agus nach mbeidh úsáid nó forbairt na dtailte ina gcúis le tionchair neamh-inghlactha ná le tionchair dhochracha in áiteanna eile. | Tá torthaí an MSRT curtha san áireamh i dTuarascáil Timpeallachta an MST.<br><br>Tá sraith cuspóirí bainistíochta riosca tuile ann i bPlean Forbartha an Chontae, ar cuspóirí iad a bhaineann le tuiliú agus maolú tuilithe. Tá na cuspóirí sin bainteach le hábhar an PCÁ. Ina theannta sin, áiríonn an PCÁ cuspóirí sonracha a bhaineann le bainistíocht riosca. Déantar Bainistíocht Riosca Tuile a phlé tuilleadh i Roinn 3.<br><br>Maidir le hiarratais pleanála i leith tograí forbartha laistigh de Chrios Tuile A agus B, is gá measúnacht riosca tuile láithreán-sonrach a oireann do chineál agus do scála na forbartha a chur ag gabháil leo agus ní mór go n-éireoidh leo i dtaca leis an Tástáil Fírinnithe i leith Bainistíocht Forbartha a dhéanfar, más iomchuí. Ní mór go gcomhlánóidh an mheasúnacht riosca tuile láithreán-sonrach sin ceanglais na dTreoirlínte, go háirithe maidir leis an riosca tuile a mhionsonrú, maidir le bearta oiriúnacha éifeachtacha maolúcháin a mholadh agus maidir le déileáil leis an riosca |

| | |
|---|---|
| | iarmharach.<br><br>Bheadh na nithe seo a leanas san áireamh sna bearta maolúcháin:<br>(a) Déanamh de réir moltaí, lena n-áirítear moltaí maidir le cúrsaí struchtúracha agus cúrsaí neamhstruchtúracha, mar atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Riosca Tuile don bhaile faoi chlár BMRTD.<br>(b) Glanlaghdú ar an toilleadh stórála tuilemhá a sheachaint laistigh de na tailte atá á bhforbhairt. Is ceart go n-áireodh sé sin stóráil chúiteach a chur ar fáil agus is fearr go mbeadh an stóráil sin ann laistigh den láithreán.<br>(c) Tograí a mbeadh saorbhord cuí-dheartha ann mar chuid díobh. Is ceart é a dhearadh de réir teagmhais tuile de chineál 'uair amháin gach céad bliain' agus 'uair amháin gach míle bliain'.<br>(d) Gan conairí sreabhaidh láithreacha a shuaitheadh ná a chur i mbaol.<br>(e) Bainistíocht uisce dromchla a bheith i gcomhréir le CIDU |

## 2.8 Conclúidí Chéim 2

Rinneadh Measúnacht Riosca Tuile Chéim 2 a ullmhú de réir na dTreoirlínte agus rinneadh na cuspóirí atá ann sa PCÁ maidir le criosú úsáide talún a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na moltaí atá leagtha amach sna Treoirlínte. Meastar go bhfuiltear tar éis teacht ar chóimheá chothrom idir riosca tuile a sheachaint agus forbairt riachtanach a éascú agus go gcumasóidh sé sin, in éineacht leis na cuspóirí Bainistíochta Riosca Tuile sa PCÁ agus i Roinn 3 den MSRT seo, forbairt a dhéanamh amach anseo ar forbairt í a sheachnóidh na réimsí is mó riosca.

# 3 Bainistíocht Riosca Tuile

## 3.1 Bearta Bainistíochta Riosca Tuile

### 3.1.1 Plean Riosca Tuile agus Bainistíochta Tuile Abhantrach an Oirdheiscirt

Mar atá leagtha amach roimhe seo, tá Plean Bainistíochta Riosca Tuile (PBRT) á ullmhú ag Oifig na nOibreacha Poiblí do Bhaile Ghuaire.  Tabharfaidh an tÚdarás Pleanála aird ar an PBRT le linn breithniú a dhéanamh ar thograí maidir le forbairt i limistéar an phlean, go háirithe an léarscáilíocht i leith guais tuile agus criosanna tuile agus na moltaí gaolmhara maidir le bainistíocht riosca tuile.

### 3.1.2 Measúnachtaí ar an Riosca Tuile

Déanfar scagadh i leith riosca tuile a chur i gcrích maidir le gach togra le haghaidh forbairt agus déanfar amhlaidh de réir 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht i gCás Tuilte - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Oifig na nOibreacha Poiblí, 2009), arna leasú le Ciorclán PL2/2014, agus aon uasdátú a dhéanfar ar na Treoirlínte amach anseo.

Beidh caibidlí réamhiarratais tábhachtach ó thaobh an raon leathan saincheisteanna a dhéanann difear do láithreán a shainaithint agus soláthróidh siad deis don Údarás Pleanála a chur in iúl go soiléir don iarratasóir gur ceart measúnacht riosca tuile a dhéanamh mar chuid de phróiseas ullmhaithe an iarratais agus aird a tharraingt ar chuspóirí an Phlean Ceantair Áitiúil agus mháthair-Phlean Forbartha Chontae Loch Garman a mhéid a bhaineann leis an riosca tuile agus leis an bhfaisnéis atá ar fáil maidir le criosanna tuile.

Ní mór go mbeidh measúnacht riosca tuile atá láithreán-sonrach agus ina mbeidh mionsonraí cuí ann in éineacht le hiarratais phleanála le haghaidh tograí maidir le forbairt atá laistigh de limistéir lena ngabhann riosca measartha/ard (Crios Tuile A), ina gcuimsítear limistéir den sórt sin agus atá tadhlach le limistéir den sórt sin. I gcás Chrios Tuile C, déanfar an gá le measúnacht riosca tuile ina mbeidh mionsonraí cuí, agus í láithreán-sonrach, a mheas ar bhonn roinnt gnéithe lena n-áirítear, inter alia, an ghaireacht do Chrios Tuile A nó

B, topagrafaíocht na dtailte lena mbaineann agus na dtailte atá tadhlach leo, agus leochaileacht i leith an togra maidir le forbairt.

Déanfaidh gairmí cuícháilithe slánaithe an mheasúnacht riosca tuile láithreán-sonrach riachtanach agus déanfar í de réir cheanglais 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht i gCás Tuilte - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Oifig na nOibreacha Poiblí, 2009), arna leasú le Ciorclán PL2/2014, agus aon uasdátú a dhéanfar ar na Treoirlínte amach anseo.

Maidir leis an measúnacht riosca tuile mionsonraithe láithreán-sonrach, is ceart rioscaí agus éifeachtaí aon bheart riachtanach maolúcháin a chainníochtú, mar aon le léiriú a dhéanamh ar na bearta is gá nó atá beartaithe chun rioscaí iarmharacha a bhainistiú. Is ceart go soláthródh measúnacht riosca tuile láithreán-sonrach an fhaisnéis atá leagtha amach in 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht i gCás Tuilte (móide na hAguisíní Teicniúla) - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Oifig na nOibreacha Poiblí, 2009), agus, i gcoitinne, is ceart an méid seo a leanas a bheith inti:

- Pleananna ina dtaispeántar an láithreán, an togra maidir le forbairt agus an ghaolmhaireacht le sruthchúrsaí agus le déanmhais a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar hiodrálaic áitiúil;
- Suirbhéireachtaí ar leibhéil láithreáin agus trasghearrthacha ina gcuirtear na leibhéil iomchuí forbartha i mbaint le foinsí tuile agus na leibhéil dóchúla uisce á léiriú;
- Measúnachtaí ar an méid seo a leanas:
    - Na foinsí ionchasacha uile i leith tuiliú;
    - Na bearta maolaithe tuile atá ann cheana féin;
    - Tionchar ionchasach tuilithe ar an láithreán agus in áiteanna eile;
    - An tslí inar féidir le leagan amach agus cineál na forbartha na tionchair sin a laghdú, lena n-áirítear socruithe maidir le rochtain shábháilte agus bealach amach sábháilte.
    - Tograí maidir le bainistíocht uisce dromchla, ar tograí iad atá i gcomhréir le prionsabail draenála inbhuanaithe;
    - Éifeachtacht agus tionchair aon bheart riachtanach maolúcháin;

- Na rioscaí iarmharacha don láithreán tar éis na tógála, is é sin, rioscaí a éiríonn as aon bhearta riachtanacha agus an modh ina ndéanfar bainistíocht ar na rioscaí sin; agus
- Leathán achomair ina ndéantar cur síos ar an tslí ina ndearnadh bainistíocht ar na rioscaí tuile ar mhaithe le háititheoirí an láithreáin agus lena bhonneagar.

### 3.1.3 An Tástáil Fírinnithe a chur i bhfeidhm maidir le Bainistíocht Forbartha

I gcás ina bhfuil breithniú á dhéanamh ag an Údarás Pleanála ar thograí maidir le forbairt nua i limistéir ina bhfuil ardriosca nó riosca measartha i leith tuiliú, ar forbairt í ina n-áirítear cineálacha forbartha atá leochaileach ó thaobh tuiliú de agus nach mbeadh oiriúnach de ghnáth mar atá leagtha amach i dTábla 3.2 de na Treoirlínte, ní mór don Údarás a bheith deimhin de go gcomhlíonann an fhorbairt critéir uile na Tástála Fírinnithe. I Roinn 5.15 de na Treoirlínte, leagtar amach na critéir go léir nach mór iad a chomhlíonadh sa Tástáil Fírinnithe. Tá an méid sin ar taispeáint i dTábla 4.

**Tábla 4 Tástáil Fírinnithe i leith Bainistíocht Forbartha**

<table>
<tr><th>An Tástáil Fírinnithe i leith Bainistíocht Forbartha</th></tr>
<tr><td>Nuair a bhíonn tograí maidir le forbairt á mbreithniú, ar forbairt í de chineál a d’fhéadfadh a bheith leochaileach ó thaobh tuiliú agus nach mbeadh oiriúnach de ghnáth mar atá leagtha amach i dTábla 3.2, ní mór na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:<br>1. Tá na tailte lena mbaineann criosaithe nó ainmnithe ar shlí eile le haghaidh na húsáide nó an chineáil forbartha ar leith atá luaite i bplean forbartha atá i ngníomh agus a glacadh nó a athraíodh agus aird á tabhairt ar na treoirlínte.<br>2. Cuireadh an togra faoi réir measúnacht chuí riosca tuile ina dtaispeántar an méid seo a leanas:<br>(i) ní méadóidh an fhorbairt atá beartaithe an riosca tuile in áiteanna eile agus, más indéanta, laghdóidh sí an riosca tuile i gcoitinne;<br>(ii) áiríonn an togra maidir le forbairt bearta chun íoslaghdú a dhéanamh, a mhéid is féidir le réasún, ar an riosca tuile do dhaoine, do mhaoin, don</td></tr>
</table>

gheilleagar agus don timpeallacht;


(iii) áiríonn an togra atá beartaithe bearta chun a chinntiú gur féidir rioscaí iarmharacha don limistéar agus/nó don fhorbairt a bhainistiú go feadh leibhéal inghlactha a mhéid a bhaineann le bearta atá ann cheana féin i ndáil le cosaint ar thuile nó i ndáil le ceapadh, cur i bhfeidhm agus maoiniú aon bheart bainistíochta riosca tuile amach anseo agus i ndáil le seirbhísí éigeandála a sholáthar; agus

(iv) tugann an fhorbairt atá beartaithe aghaidh ar an méid sin thuas ar mhodh atá comhoiriúnach freisin le baint amach cuspóirí ginearálta pleanála i ndáil le dearadh maith uirbeach agus sráid-dreachanna bríomhara gníomhacha a fhorbairt.

Is ceart cinneadh a dhéanamh i dtaobh inghlacthacht nó neamh-inghlacthacht leibhéil na rioscaí iarmharacha ag féachaint do chineál agus d'úsáid thuartha na forbartha agus do chomhthéacs na forbartha áitiúla.

### 3.1.4 Iarratais maidir le Miontograí i Limistéir ina bhfuil Riosca Tuile


De réir Roinn 5.28 de na Treoirlínte (arna leasú le Ciorclán PL2/2014), ní dócha go mbeidh iarratais ar mhionfhorbairt, amhail líonadh talún beagscála, méaduithe beaga ar thithe nó atógáil tithe, agus an chuid is mó athruithe úsáide i leith foirgneamh láithreach agus/nó méaduithe nó breisithe ar fhiontair láithreacha tráchtála agus tionscail, ina gcúis le saincheisteanna suntasacha maidir le tuiliú mura rud é go gcuireann siad bac ar chonairí tábhachtacha sreabhaidh, go dtugann siad líon suntasach breise daoine nua isteach i limistéir ina bhfuil riosca tuile nó go mbaineann siad le stóráil substaintí guaiseacha. Ós rud é go mbaineann iarratais den sórt sin foirgnimh nó limistéir fhorbartha atá ann cheana féin, ní féidir an cur chuige seicheamhach a úsáid chun iad a shuíomh i limistéir ina bhfuil riosca níos ísle agus ní bheidh feidhm ag an Tástáil Fírinnithe. Ach is ceart measúnacht chomhréireach ar an riosca tuile a chur ag gabháil le hiarratais den sórt sin chun a thaispeáint nach mbeadh aon tionchair dhochracha acu ná nach gcuirfidís isteach ar rochtain ar shruthchúrsa, ar thuilemhá ná ar shaoráidí bainistíochta cosanta ar thuile. Is ceart tograí den sórt sin a dhéanamh de réir an dea-chleachtais i ndáil le sláinte agus sábháilteacht úsáideoirí agus cónaitheoirí i limistéar an togra.




# Gorey Town & Environs Local Area Plan 2017-2023

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved. Licence number 2009/34/CCMA/Wexford Local Authority


| | |
|---|---|
| Title: Key Areas | |
| Drawn by: NK | Checked by: PD |
| Date: 11.04.2017 | Map No: 1 |




## Plean Ceantair Áitiúil Ghuaire agus an Limistéir Máguaird 2017 - 2023


Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint. Uimhir cheadúnais 2009/34/CCMA/Údarás Áitiúil Loch Garman

| Teideal: Criosanna Tuile | |
|---|---|
| Arna Tarraingt ag : NK | Seiceáilte ag PD |
| Dáta: 11.04.2017 | Uimhir na Léarscáile: 10 |




| Node Label | Water Level (OD) 10% AEP | Flow (m³/s) 10% AEP | Water Level (OD) 1% AEP | Flow (m³/s) 1% AEP | Water Level (OD) 0.1% AEP | Flow (m³/s) 0.1% AEP |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1115UN00023I | 42.39 | n/a | 42.59 | n/a | 43.15 | n/a |
| 1115UN00028I | 41.52 | n/a | 41.67 | n/a | 42.21 | n/a |
| 1115UN00039 | 39.95 | n/a | 40.06 | n/a | 40.30 | n/a |
| 1101BA00158 | 51.27 | n/a | 51.43 | n/a | 51.63 | n/a |
| 1101BA00150 | 45.02 | n/a | 45.40 | n/a | 45.71 | n/a |
| 1101BA00144D | 41.09 | n/a | 41.40 | n/a | 41.86 | n/a |

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved. Licence number EN 0021014/OfficeofPublicWorks.




The viewer of this map should refer to the Disclaimer, Guidance Notes and Conditions of Use that accompany this map. This draft map is for consultation purposes only, and should not be used for any other purpose.

**Legend**

- 10% Fluvial AEP Event
- 1% Fluvial AEP Event
- 0.1% Fluvial AEP Event
- Modelled River Centreline
- AFA Extents
- Node Point
- Node ID Node Label

DRAFT

| REV: | NOTE: | DATE: |
|---|---|---|

SOUTH EASTERN CFRAM STUDY
CATCHMENT FLOOD RISK ASSESSMENT AND MANAGEMENT


The Office of Public Works
Jonathan Swift Street
Trim
Co Meath

Elmwood House
74 Boucher Road
Belfast
BT12 6RZ

T +44(0) 28 90 667914
F +44(0) 28 90 668286
W www.rpsgroup.com
E ireland@rpsgroup.com


**Map:**

**Gorey Fluvial Flood Extent**

**Map Type:** EXTENT

**Source:** FLUVIAL

**Map Area:** HPW

**Scenario:** CURRENT

**Drawn By :** F.M.C. **Date :** 26th January 2015

**Checked By :** E.H. **Date :** 26th January 2015

**Approved By :** S.P. **Date :** 26th January 2015


**Drawing No. :**

**O11GOR_EXFCD_C0_SH02**


**Map Series :** 2 of 10

**Drawing Scale :** 1:5,000 @A3

| Node Label | Water Level (OD) 10% AEP | Flow (m³/s) 10% AEP | Water Level (OD) 1% AEP | Flow (m³/s) 1% AEP | Water Level (OD) 0.1% AEP | Flow (m³/s) 0.1% AEP |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1113BA00000 | 73.28 | n/a | 73.43 | n/a | 73.61 | n/a |




© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved. Licence number EN 0021014/OfficeofPublicWorks.




The viewer of this map should refer to the Disclaimer, Guidance Notes and Conditions of Use that accompany this map. This draft map is for consultation purposes only, and should not be used for any other purpose.

## Legend

- 10% Fluvial AEP Event
- 1% Fluvial AEP Event
- 0.1% Fluvial AEP Event
- Modelled River Centreline
- AFA Extents
- Node Point
- Node ID — Node Label

**DRAFT**

| REV: | NOTE: | DATE: |
|---|---|---|
| | | |

SOUTH EASTERN CFRAM STUDY
CATCHMENT FLOOD RISK ASSESSMENT AND MANAGEMENT

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

RPS


The Office of Public Works
Jonathan Swift Street
Trim
Co Meath

Elmwood House
74 Boucher Road
Belfast
BT12 6RZ

T +44(0) 28 90 667914
F +44(0) 28 90 668286
W www.rpsgroup.com
E ireland@rpsgroup.com


**Map:**
**Gorey Fluvial Flood Extent**


| | |
|---|---|
| Map Type: | EXTENT |
| Source: | FLUVIAL |
| Map Area: | HPW |
| Scenario: | CURRENT |

| | | |
|---|---|---|
| Drawn By : F.M.C. | Date : 26th January 2015 | |
| Checked By : E.H. | Date : 26th January 2015 | |
| Approved By : S.P. | Date : 26th January 2015 | |

Drawing No. :
**O11GOR_EXFCD_C0_SH04**


Map Series : 4 of 10

Drawing Scale : 1:5,000 @A3




| Node Label | Water Level (OD) 10% AEP | Flow (m³/s) 10% AEP | Water Level (OD) 1% AEP | Flow (m³/s) 1% AEP | Water Level (OD) 0.1% AEP | Flow (m³/s) 0.1% AEP |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1113BA00009I | 62.60 | n/a | 63.41 | n/a | 64.43 | n/a |
| 1113BA00012D | 58.16 | n/a | 58.35 | n/a | 58.55 | n/a |
| 1113BA00021 | 47.84 | n/a | 48.07 | n/a | 48.38 | n/a |
| 1113BA00032D | 43.59 | n/a | 44.34 | n/a | 44.75 | n/a |
| 1113BA00047 | 37.16 | 2.00 | 37.42 | 3.80 | 37.68 | 5.42 |
| 1115UN00051 | 38.92 | 2.10 | 39.23 | 5.20 | 39.58 | 10.39 |
| 1101BA00134 | 37.62 | n/a | 37.71 | n/a | 37.91 | n/a |
| 1101BA00130D | 36.65 | n/a | 36.98 | n/a | 37.64 | n/a |
| 1101BA00112 | 33.74 | n/a | 34.08 | n/a | 34.58 | n/a |

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved. Licence number EN 0021014/OfficeofPublicWorks.




The viewer of this map should refer to the Disclaimer, Guidance Notes and Conditions of Use that accompany this map. This draft map is for consultation purposes only, and should not be used for any other purpose.

**Legend**

- 10% Fluvial AEP Event
- 1% Fluvial AEP Event
- 0.1% Fluvial AEP Event
- Modelled River Centreline
- AFA Extents
- Node Point
- Node ID Node Label

DRAFT

| REV: | NOTE: | DATE: |
|---|---|---|

SOUTH EASTERN CFRAM STUDY
CATCHMENT FLOOD RISK ASSESSMENT AND MANAGEMENT

The Office of Public Works
Jonathan Swift Street
Trim
Co Meath

Elmwood House
74 Boucher Road
Belfast
BT12 6RZ


T +44(0) 28 90 667914
F +44(0) 28 90 668286
W www.rpsgroup.com
E ireland@rpsgroup.com

**Map:**


**Gorey Fluvial Flood Extent**

**Map Type:** EXTENT
**Source:** FLUVIAL
**Map Area:** HPW
**Scenario:** CURRENT
**Drawn By :** F.M.C. **Date :** 26th January 2015
**Checked By :** E.H. **Date :** 26th January 2015
**Approved By :** S.P. **Date :** 26th January 2015
**Drawing No. :**
**O11GOR_EXFCD_C0_SH05**
**Map Series :** 5 of 10
**Drawing Scale :** 1:5,000 @A3

| Node Label | Water Level (OD) 10% AEP | Flow (m³/s) 10% AEP | Water Level (OD) 1% AEP | Flow (m³/s) 1% AEP | Water Level (OD) 0.1% AEP | Flow (m³/s) 0.1% AEP |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1111BA00001 | 47.60 | n/a | 47.89 | n/a | 48.22 | n/a |
| 1111BA00006 | 44.91 | n/a | 45.19 | n/a | 45.50 | n/a |
| 1111BA00010J | 41.56 | n/a | 41.62 | n/a | 41.78 | n/a |
| 1111BA00017 | 38.14 | n/a | 38.45 | n/a | 38.70 | n/a |
| 1112BA00001 | 46.57 | n/a | 46.88 | n/a | 47.79 | n/a |
| 1112BA00008Da | 41.99 | n/a | 42.09 | n/a | 42.21 | n/a |
| 1112BA00009 | 39.26 | 0.32 | 39.39 | 0.59 | 39.53 | 1.06 |




© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved. Licence number EN 0021014/OfficeofPublicWorks.




The viewer of this map should refer to the Disclaimer, Guidance Notes and Conditions of Use that accompany this map. This draft map is for consultation purposes only, and should not be used for any other purpose.

**Legend**

- 10% Fluvial AEP Event
- 1% Fluvial AEP Event
- 0.1% Fluvial AEP Event
- Modelled River Centreline
- AFA Extents
- Node Point
- Node ID Node Label

DRAFT

| REV: | NOTE: | DATE: |
|---|---|---|

SOUTH EASTERN CFRAM STUDY
CATCHMENT FLOOD RISK ASSESSMENT AND MANAGEMENT

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

RPS

The Office of Public Works
Jonathan Swift Street
Trim
Co Meath

Elmwood House
74 Boucher Road
Belfast
BT12 6RZ

T +44(0) 28 90 667914
F +44(0) 28 90 668286
W www.rpsgroup.com
E ireland@rpsgroup.com

**Map:**
Gorey Fluvial Flood Extent


**Map Type:** EXTENT
**Source:** FLUVIAL
**Map Area:** HPW
**Scenario:** CURRENT

**Drawn By :** F.M.C. **Date :** 26th January 2015
**Checked By :** E.H. **Date :** 26th January 2015
**Approved By :** S.P. **Date :** 26th January 2015

**Drawing No. :**
**O11GOR_EXFCD_C0_SH06**


**Map Series :** 6 of 10

**Drawing Scale :** 1:5,000 @A3




| Node Label | Water Level (OD) 10% AEP | Flow (m³/s) 10% AEP | Water Level (OD) 1% AEP | Flow (m³/s) 1% AEP | Water Level (OD) 0.1% AEP | Flow (m³/s) 0.1% AEP |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1110BA00001 | 40.10 | n/a | 40.26 | n/a | 40.46 | n/a |
| 1110BA00010I | 35.81 | n/a | 36.18 | n/a | 37.16 | n/a |
| 1110BA00027 | 28.06 | 0.52 | 28.27 | 0.97 | 28.53 | 1.73 |
| 1110BA00029 | 27.39 | n/a | 27.67 | n/a | 28.17 | n/a |
| 1111BA00020D | 37.39 | n/a | 37.77 | n/a | 38.18 | n/a |
| 1111BA00025 | 33.59 | n/a | 33.91 | n/a | 34.25 | n/a |
| 1111BA00031 | 30.29 | n/a | 30.39 | n/a | 30.53 | n/a |
| 1111BA00032 | 28.83 | 3.69 | 29.06 | 6.63 | 29.26 | 12.86 |
| 1101BA00104 | 31.20 | n/a | 31.63 | n/a | 32.12 | n/a |
| 1101BA00094 | 29.11 | n/a | 29.34 | n/a | 29.55 | n/a |
| 1101BA00087 | 27.06 | n/a | 27.27 | n/a | 27.92 | n/a |
| 1101BA00083D | 26.35 | n/a | 26.97 | n/a | 27.77 | n/a |
| 1101BA00080D | 24.74 | n/a | 25.21 | n/a | 25.81 | n/a |
| 1109GY00004 | 32.72 | n/a | 32.83 | n/a | 32.96 | n/a |
| 1109GY00002D | 26.88 | n/a | 27.08 | n/a | 27.83 | n/a |

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved. Licence number EN 0021014/OfficeofPublicWorks.




The viewer of this map should refer to the Disclaimer, Guidance Notes and Conditions of Use that accompany this map. This draft map is for consultation purposes only, and should not be used for any other purpose.

**Legend**

- 10% Fluvial AEP Event
- 1% Fluvial AEP Event
- 0.1% Fluvial AEP Event
- Modelled River Centreline
- AFA Extents
- Node Point
- Node ID Node Label

DRAFT

| REV: | NOTE: | DATE: |
|---|---|---|

SOUTH EASTERN CFRAM STUDY
CATCHMENT FLOOD RISK ASSESSMENT AND MANAGEMENT

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

RPS

The Office of Public Works
Jonathan Swift Street
Trim
Co Meath

Elmwood House
74 Boucher Road
Belfast
BT12 6RZ

T +44(0) 28 90 667914
F +44(0) 28 90 668286
W www.rpsgroup.com
E ireland@rpsgroup.com

**Map:**
**Gorey Fluvial Flood Extent**


**Map Type:** EXTENT
**Source:** FLUVIAL
**Map Area:** HPW
**Scenario:** CURRENT

**Drawn By :** F.M.C. **Date :** 26th January 2015
**Checked By :** E.H. **Date :** 26th January 2015
**Approved By :** S.P. **Date :** 26th January 2015

**Drawing No. :**
**O11GOR_EXFCD_C0_SH07**


**Map Series :** 7 of 10

**Drawing Scale :** 1:5,000 @A3




| Node Label | Water Level (OD) 10% AEP | Flow (m³/s) 10% AEP | Water Level (OD) 1% AEP | Flow (m³/s) 1% AEP | Water Level (OD) 0.1% AEP | Flow (m³/s) 0.1% AEP |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1117UN00006 | 59.71 | n/a | 59.83 | n/a | 60.00 | n/a |
| 1116UN00036 | 47.14 | n/a | 47.36 | n/a | 47.63 | n/a |

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved. Licence number EN 0021014/OfficeofPublicWorks.




The viewer of this map should refer to the Disclaimer, Guidance Notes and Conditions of Use that accompany this map. This draft map is for consultation purposes only, and should not be used for any other purpose.

**Legend**

- 10% Fluvial AEP Event
- 1% Fluvial AEP Event
- 0.1% Fluvial AEP Event
- Modelled River Centreline
- AFA Extents
- Node Point
- Node ID Node Label

DRAFT

| REV: | NOTE: | DATE: |
|---|---|---|

SOUTH EASTERN CFRAM STUDY
CATCHMENT FLOOD RISK ASSESSMENT AND MANAGEMENT

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

RPS

The Office of Public Works
Jonathan Swift Street
Trim
Co Meath

Elmwood House
74 Boucher Road
Belfast
BT12 6RZ
T +44(0) 28 90 667914
F +44(0) 28 90 668286
W www.rpsgroup.com
E ireland@rpsgroup.com

**Map:**
**Gorey Fluvial Flood Extent**

**Map Type:** EXTENT
**Source:** FLUVIAL
**Map Area:** HPW
**Scenario:** CURRENT
**Drawn By :** F.M.C. **Date :** 26th January 2015
**Checked By :** E.H. **Date :** 26th January 2015
**Approved By :** S.P. **Date :** 26th January 2015
**Drawing No. :**
**O11GOR_EXFCD_C0_SH09**
**Map Series :** 9 of 10
**Drawing Scale :** 1:5,000 @A3